

# Eleathanach333

Dé Luain 18 Samhain 2019

## Foireann haca na mBan ag dul chuig na Cluichí Oilimpeacha!

Lá stairiúil a bhí ann d'fhoireann haca na mban, nuair a bhain siad áit amach sna Cluichí Oilimpeacha 2020. Beidh na Cluichí Oilimpeacha ar siúl i dTóiceo.

Bhí Éire agus Ceanada ag imirt in aghaidh a chéile. Comhscór a bhí ann go dtí deireadh an chluiche.

Bhuaigh foireann na hÉireann le buillí pionóis (4-3). Tá an Eleathanach an-bhródúil astu! Comhghairdeas!



Bhí an-áthas ar fhoireann haca na mban.

## Gaeilge 24

Lá speisialta a bhí ann ar an 12 Samhain 2019. Bhí *Gaeilge 24* ar siúl. Bíonn an lá seo ar siúl gach bliain.

An aidhm a bhaineann le *Gaeilge 24* ná an Ghaeilge a labhairt ar feadh an lae. Labhair daoine óga Gaeilge ar feadh ceithre uair an chloig déag. Labhair siad Gaeilge sa bhaile, ar scoil, sna siopaí, sna clubanna spóirt agus lena gcairde.

Tugann *Gaeilge 24* deis do dhaltaí an Ghaeilge a labhairt taobh amuigh den seomra ranga. Ghlac a lán daoine óga páirt. Bhí lá iontach acu ar fad!



Chaith a lán daoine óga an t-léine seo ar an 12 Samhain 2019.

## Corpoideachas trí mheán na Gaeilge

Rinne an tAire Oideachas Joe McHugh fógra an tseachtain seo caite go múinfidh múinteoirí corpoideachas, ealaín agus mata trí mheán na Gaeilge i mbeagnach fiche scoil timpeall na tíre.

Is smaoineamh nua é seo chun an Ghaeilge a chur chun cinn.

Smaoineamh den scoth atá ann agus tá súil againn go gcabhróidh sé le dearcadh dearfach a chruthú i leith na Gaeilge.

Tír gan teanga tír gan anam!

